2024/288

19.1.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/288 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Eanáir 2024

maidir le minicíocht na seiceálacha ar ábhar pacáistíochta lena n-iompraítear nó lena gcosnaítear tráchtearraí áirithe ó thríú tíortha áirithe nó lena dtacaítear leo

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 22(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/127 ón gCoimisiún ([2]) leagtar amach ceanglais maidir le tabhairt isteach i gcríoch an Aontais ábhair phacáistíochta adhmaid lena n-iompraítear nó lena gcosnaítear tráchtearraí áirithe ó thríú tíortha áirithe nó lena dtacaítear leo, agus ceanglais maidir le seiceálacha sláinte plandaí a dhéanamh ar an ábhar sin, chun a áirithiú go gcomhlíonann sé Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/127 déantar foráil maidir le híosráta minicíochta 15 % le haghaidh seiceálacha sláinte plandaí ar choinsíneachtaí tráchtearraí lena mbaineann. Scoirfidh an Rialachán Cur Chun Feidhme sin d'fheidhm a bheith aige an 31 Nollaig 2023.

(2) Thairis sin, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2125 ([4]) ón gCoimisiún leagtar amach rialacha maidir le rialuithe oifigiúla sonracha a dhéanamh ar ábhar pacáistíochta adhmaid, le fógra a thabhairt faoi choinsíneachtaí áirithe agus le bearta a bheidh le déanamh i gcás neamhchomhlíonta.

(3) Le seiceálacha sláinte plandaí arna ndéanamh ag na Ballstáit ar bhonn Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/127, léiríodh gur aimsíodh lotnaidí coraintín áirithe de chuid an Aontais san ábhar pacáistíochta adhmaid a úsáideadh chun tráchtearraí áirithe de thionscnamh na Bealarúise, na Síne agus na hIndia a iompar nó nár marcáladh iad i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta.

(4) Ós rud é go léirítear leis na seiceálacha sláinte plandaí a rinneadh sna Ballstáit nár tháinig laghdú ar an riosca a bhaineann le lotnaidí beo a thabhairt isteach san Aontas, is gá go leanfar ar aghaidh le seiceálacha sláinte plandaí a dhéanamh ar ábhar pacáistíochta adhmaid allmhairithe lena n-iompraítear nó lena gcosnaítear na tráchtearraí lena mbaineann de thionscnamh na Bealarúise, na Síne agus na hIndia nó lena dtacaítear leo agus go ndéanfar sin ag an ráta céanna dá bhforáiltear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/127.

([1]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/127 ón gCoimisiún an 3 Feabhra 2021 lena leagtar síos na ceanglais chun ábhar pacáistíochta adhmaid a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais chun tráchtearraí áirithe de thionscnamh tríú tíortha áirithe a iompar agus chun seiceálacha sláinte plandaí a dhéanamh ar ábhar den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1137 (IO L 40, 4.2.2021, lch. 3).

([3]) Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle (IO L 317, 23.11.2016, lch. 4).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2125 an 10 Deireadh Fómhair 2019 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le rialuithe oifigiúla sonracha a dhéanamh ar ábhar pacáistíochta adhmaid, le fógra a thabhairt faoi choinsíneachtaí áirithe agus le bearta a bheidh le déanamh i gcás neamhchomhlíonta (IO L 321, 12.12.2019, lch. 99).

(5) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo go dtí an 31 Nollaig 2026 chun am a thabhairt chun faireachán a dhéanamh ar an gcás agus chun a chinneadh ar tháinig feabhas ar ábhar pacáistíochta adhmaid lena n-iompraítear nó lena gcosnaítear na tráchtearraí lena mbaineann de thionscnamh na Bealarúise, na Síne agus na hIndia nó lena dtacaítear leo maidir le comhlíonadh an Rialacháin seo agus Rialachán (AE) 2016/2031.

(6) Chun aon bhearna dhlíthiúil a sheachaint agus chun a áirithiú go leanfar ar aghaidh le seiceálacha sláinte plandaí a dhéanamh ag an ráta céanna dá bhforáiltear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/127, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm a luaithe is féidir.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

Leis an Rialachán seo leagtar amach minicíocht na seiceálacha ar ábhar pacáistíochta adhmaid lena dtacaítear leis na tráchtearraí sonraithe a thagann isteach san Aontas nó ar ábhar pacáistíochta adhmaid lena gcosnaítear nó lena n-iompraítear iad.

Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le hábhar pacáistíochta adhmaid atá faoi réir na ndíolúintí dá bhforáiltear i gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta Uimh. 15 — Ábhar Pacáistíochta Adhmaid sa Trádáil Idirnáisiúnta a Rialáil (ISPM 15) ([5]).

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, ciallaíonn 'tráchtearraí sonraithe' tráchtearraí ag a bhfuil na saintréithe uile seo a leanas:

(a) tacaítear leo le hábhar pacáistíochta adhmaid nó déantar iad a chosaint nó a iompar leis;

(b) is de thionscnamh ceann de na tríú tíortha a liostaítear san Iarscríbhinn iad;

(c) tagann siad faoi cheann de na cóid Ainmníochta Comhcheangailte (Cód AC) a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([6]), mar a liostaítear san Iarscríbhinn.

Airteagal 3

Ráta minicíochta na seiceálacha sláinte plandaí

Chun comhlíontacht le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) 2016/2031 a fhíorú, déanfaidh na húdaráis inniúla seiceálacha sláinte plandaí, ag ráta 15 % ar a laghad de choinsíneachtaí na dtráchtearraí sonraithe, ar ábhar pacáistíochta adhmaid lena dtacaítear leis na tráchtearraí sonraithe a thagann isteach san Aontas, nó ar ábhar pacáistíochta adhmaid lena n-iompraítear nó lena gcosnaítear iad.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm agus dáta cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige go dtí an 31 Nollaig 2026.

([5]) Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta Uimh. 15 — Ábhar Pacáistíochta Adhmaid sa Trádáil Idirnáisiúnta a Rialáil (ISPM 15), mar atá foilsithe ar: https://www.ippc.int/en/core-activities/standards-setting/ispms/#614

([6]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Eanáir 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Tráchtearraí sonraithe, Cóid Ainmníochta Comhcheangailte (AC) nó cóid TARIC agus an tír thionscnaimh dá dtagraítear in Airteagal 2

Tuairisc ar an tráchtearra	Cóid Ainmníochta Comhcheangailte (AC) nó cóid TARIC	Tír thionscnaimh
Slinn, bíodh sí bearrtha go garbh nó go díreach gearrtha, trína sábhadh nó trína gearradh ar bhealach eile, ina bloic nó ina leaca i bhfoirm dhronuilleogach (lena n-áirítear i bhfoirm chearnógach)	2514	An Bhealarúis, an tSín, an India
Marmar, trabhairtín, ecaussine agus cloch chailcreach i gcomhair leacht cuimhne nó cloch chailcreach thógála eile ar 2,5 nó níos mó a n-imtharraingt shonrach dhealraitheach, agus albastar, bídís bearrtha go garbh nó go díreach gearrtha nó ná bídís, trína sábhadh nó trína ngearradh ar bhealach eile, ina mbloic nó ina leaca i bhfoirm dhronuilleogach (lena n-áirítear i bhfoirm chearnógach)	2515	An Bhealarúis, an tSín, an India
Eibhear, porfaire, basalt, gaineamhchloch agus cloch i gcomhair leacht cuimhne nó cloch thógála eile, bídís bearrtha go garbh nó go díreach gearrtha nó ná bídís, trína sábhadh nó trína ngearradh ar bhealach eile, ina mbloic nó ina leaca i bhfoirm dhronuilleogach (lena n-áirítear i bhfoirm chearnógach)	2516	An Bhealarúis, an tSín, an India
Connadh, ina spreotaí, ina bhilléid, ina chipíní, ina bhrosna, nó i bhfoirmeacha comhchosúla; adhmad i sliseanna nó i gcáithníní; min sáibh agus bruscarnach adhmaid agus dramhadhmad, bídís ceirtleánaithe i bhfoirm spreotaí, brícíní nó millíní nó i bhfoirmeacha dá samhail, nó ná bídís	4401	An Bhealarúis, an tSín, an India
Cásanna pacála, boscaí, cliathbhoscaí, drumaí agus pacáistíocht chomhchosúil, déanta as adhmad; drumaí cáblaí, déanta as adhmad; pailléid, pailléid i bhfoirm boscaí agus cláir ualaigh eile, déanta as adhmad; coiléir phailléid, déanta as adhmad	4415	An Bhealarúis, an tSín, an India
Seiteanna, clocha colbha agus leaca, as cloch nádúrtha (seachas slinn)	6801	An Bhealarúis, an tSín, an India
Cloch shaoirsithe ornáidíochta nó tógála (seachas slinn) agus earraí déanta astu sin, seachas táirgí faoi cheannteideal 6801; ciúbanna mósáice agus a leithéidí, déanta as cloch nádúrtha (lena n-áirítear slinn), bídís ar ábhar taca nó ná bídís; gráinníní, sliseanna agus púdar déanta as cloch nádúrtha (lena n-áirítear slinn) atá daite go saorga	6802	An Bhealarúis, an tSín, an India
Slinn shaoirsithe agus earraí slinne nó earraí slinne ceirtleánaithe	6803	An Bhealarúis, an tSín, an India
Leaca agus pábháil, tíleanna teallaigh nó balla ceirmeacha; ciúbanna ceirmeacha mósáice nó a leithéidí, bíodh taca fúthu nó ná bíodh; ceirmigh bailchríche	6907	An Bhealarúis, an tSín, an India
Plátaí, leatháin agus stiallacha alúmanaim, atá níos mó ná 0,2 mm ar tiús	7606	An Bhealarúis, an tSín, an India